



An Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Trade and Employment

Lámhleabhar Eolais

Ceartha agus Leigheasanna atá ar fáil
d'Fhostaithe a bhfuil Cás
Chomhiomarcaíochta Rompu

(Arna Nuashonrú mí Lúnasa 2024)

Clár Ábhair

Achoimre	4
1 Réamhrá	8
1.1 Cé ar a bhfuil an Lámhleabhar Eolais seo dírithe?	8
1.2 Cad atá i gceist leis an Lámhleabhar Eolais seo?	8
1.3 Teangacha eile	8
1.4 Séanadh	8
2 Iomarcaíochtaí agus Comhiomarcaíochtaí	9
2.1 Cad is iomarcaíocht ann?	9
2.2 Cad is comhiomarcaíocht ann?	9
2.3 An bhfuil cosaint agam i gcás chomhiomarcaíochta?	10
2.4 Cad iad na cearta atá agam i gcás chomhiomarcaíochta?	10
2.5 Cad atá i gceist le comhairliúchán na bhfostaithe?	10
2.6 Cé hiad ionadaithe na bhfostaithe?	11
2.7 Cad atá i gceist leis an Aire a chur ar an eolas?	12
2.8 Cad iad na cearta atá agam má theipeann ar m'fhostóir an tAcht a chomhlíonadh?	12
2.9 An bhfuil mé incháilithe le haghaidh íocaíochta má chuirtear ar iomarcaíocht mé?	13
2.10 Conas a ríomhtar m'íocaíocht iomarcaíochta reachtúil?	13
2.11 Cé a íocann m'íocaíocht iomarcaíochta reachtúil liom?	14
2.12 An bhfuil mé i dteideal íocaíocht iomarcaíochta feabhsaithe??	15
2.13 Cad a tharlaíonn má chuirtear ar iomarcaíocht mé agus tá cead fostaíochta agam?	15
3 Dócmhainneacht Fostóra	16
3.1 Cad atá i gceist le dócmhainneacht?	16
3.2 Cad atá i gceist le leachtú?	16
3.3 Cad iad na cearta atá agam mar fhostaí i gcás iomarcaíochta?	17
3.4 Cad is brí le Stádas mar Chreidiúnaí Tosaíochta?	18
3.5 Cé a íocann m'íocaíocht iomarcaíochta reachtúil má tá m'fhostóir dócmhainneach?	19
3.6 Cad atá i gceist le Scéim na nÍocaíochtaí Dócmhainneachta?	19
3.7 An gcosnaítear mé faoi Scéim na nÍocaíochtaí Dócmhainneachta?	20
3.8 Cén saghas fiach a chlúdaítear faoi Scéim na nÍocaíochtaí Dócmhainneachta?	21

3.9

Cad a tharlaíonn más ann don chomhiomarcaíocht toisc go bhfuil m'fhostóir dócmhainneach?

21

3.10

Cad é go díreach is é ról an Leachtaitheora?

22

3.11

Cad é an ceart atá agam maidir le heolas a fháil mar chreidiúnaí i gcás leachtaithe?

23

3.12

Conas is féidir le creidiúnaí idirghabháil a dhéanamh i leachtú?

24

Rialú Leagain

Dáta ar foilsíodh é	Athruithe
20 Nollaig 2021	Foilsíodh an chéad leagan.
13 Lúnasa 2024	Léirítear leis seo leasuithe arna thabhairt isteach san Acht Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha) agus Cuideachtaí (Leasú) 2024. Leasaithe go formáid Ceisteanna agus Freagraí i rith an lámhleabhair. Cuireadh tuilleadh ceisteanna leis.

Achoimre

Iomarcaíochtaí agus Comhiomarcaíochtaí

Tarlaíonn iomarcaíocht nuair a bhristear as do phost thú agus ní thugtar duine éigin nua isteach i d'ionad toisc nach bhfuil ann do do phost a thuilleadh. Tugtar iomarcaíocht air seo. D'fhéadfaí leis seo tarlú toisc go bhfuil an ghnólacht ag dúnadh, nó toisc go bhfuil sé beartaithe ag an ngnólacht líon na mball foirne a laghdú. Is gnáthchuid de ghnó é seo, ach féadfaidh é a bheith ina eispéireas deacair le haghaidh baill foirne.

Tá rialacha sonracha ann le haghaidh comhiomarcaíochtaí. Is é atá i gceist le comhiomarcaíochtaí ná cúinsí, le linn aon tréimhse 30 lá, arb ionann líon na n-iomarcaíochtaí agus:

Líon na n-iomarcaíochtaí atá beartaithe	Líon na mball foirne a bhíonn fostaithe de ghnáth
5 nó níos mó	21 – 49
10 nó níos mó	50 – 99
10% nó níos mó	100 – 299
30 nó níos mó	300 nó níos mó

I gcás chomhiomarcaíochta, ní mór do d'fhostóir dhá rud a dhéanamh:

1. Ní mór dóibh dul i gcomhairle le hionadaithe na mball foirne (ceardchumann nó baill foirne ar thogh a gcomhghleacaithe iad) maidir leis na comhiomarcaíochtaí atá beartaithe ar feadh 30 lá ar a laghad. Cuimsítear leis seo eolas a chur ar fáil maidir leis na hiomarcaíochtaí atá beartaithe.
2. Ní mór dóibh scríobh chuig an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le cur in iúl dó/di go bhfuil comhiomarcaíochtaí beartaithe acu.

Ní féidir le d'fhostóir fógra iomarcaíochta a thabhairt duit go dtí 30 lá tar éis tús an chomhairliúcháin ar a laghad. Ní féidir le d'fhostóir do do chur ar iomarcaíocht go dtí 30 lá ar a laghad tar éis dó/di an tAire a chur ar an eolas.

Is féidir leat gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) má theipeann ar d'fhostóir dul i gcomhairle le d'ionadaithe nó eolas a roinnt leo, nó má chuireann siad ar iomarcaíocht thú gan feitheamh 30 lá ar a laghad tar éis dóibh an tAire a chur ar an eolas.

Ní mór duit gearán a dhéanamh faoi cheann 6 mhí ón eachtra (nó suas le 12 mí más féidir leat cruthúnas a thabhairt maidir le cúis réasúnach). Is féidir leis an WRC tuarastal suas le 4 seachtaine a bhronnadh ort mar chúiteamh le haghaidh gach éileamh má chinneann siad i d'fhabhar.

Íocaíocht Iomarcaíochta Reachtúil

Má tá tú á c(h)ur ar iomarcaíocht, de réir an dlí, ní mór duit íocaíocht aon uaire a fháil – ar a dtugtar íocaíocht iomarcaíochta reachtúil – má tá tú incháilithe. Le bheith incháilithe, ní mór do na nithe seo a leanas uile a bheith infheidhme:

- Ní mór go raibh tú ag obair le d'fhostóir ar feadh 104 seachtaine (2 bhliain) ar a laghad, seachas aon tréimhse fostaíochta leis an bhfostóir sin sula raibh 16 bliana d'aois slánaithe agat;
- Ní mór do d'fhostaíocht a bheith go hiomlán inárachaithe faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh. Go ginearálta, ciallaíonn sé seo go mbíonn ÁSPC Aicme á íoc; agus
- Ní mór nach bhfuil ann do do phost a thuilleadh.

Is ionann an íocaíocht iomarcaíochta reachtúil agus pá coicíse le haghaidh gach bliain de sheirbhís (os cionn 16 bliana d'aois) chomh maith le 1 seachtain pá sa bhreis.

Cuirtear uasteorainn de €600 in aghaidh na seachtaine ar an íocaíocht seo. [Déan d'iomarcaíocht reachtúil a mheas ar MyWelfare.ie.](#)

Má dhiúltaíonn d'fhostóir iomarcaíocht reachtúil a íoc duit, is féidir leat gearán a dhéanamh leis an WRC. Ní mór duit gearán a dhéanamh leis an WRC faoi cheann 1 bhliain, ag tosú ón dáta ar a chaileann tú do phost (“dáta dífhostaithe”). Is féidir leis an WRC é seo a shíneadh go 2 bhliain má tá cúis mhaith go leor agat – ar a dtugtar “cúis réasúnta”. Má chinneann sé i d'fhabhar, is féidir leis an WRC ordú a ghearradh ar d'fhostóir d'iomarcaíocht reachtúil a íoc.

[An chaoi le gearán a dhéanamh leis an WRC](#). Is féidir leat glao orthu freisin ag (059) 9178990 nó ag Glao Áitiúil 0818 808090.

[Foghlaim tuilleadh faoi iomarcaíocht](#).

[Léigh tuilleadh faoi chomhiomarcaíocht](#).

[Foghlaim tuilleadh faoi iomarcaíocht agus dócmhainneacht ar gov.ie](#).

Dócmhainneacht Fostóra

Tarlaíonn dócmhainneacht nuair nach féidir le cuideachta a fiacha a íoc a thuilleadh mar a bheidh siad dlite nó nuair atá níos mó dliteanas ná sócmhainní ar a clár comhardaithe aici. Nuair atá gnólacht dócmhainneach, is iondúil go gceaptar duine ar a dtugtar cleachtóir dócmhainneachta – leachtaitheoir – chun an chuideachta a fhoirceannadh.

Má tá d'fhostóir dócmhainneach, d'fhéadfaí go mbeadh airgead agat air/uirthi agus is dócha go gcaillfidh tú do phost.

Tá roinnt cearta agus cosaintí agat má tá d'fhostóir dócmhainneach. Áirítear leis seo:

1. Íocfaidh an Stát leat, trí Scéim na nÍocaíochtaí Dócmhainneachta, cuid den airgead atá ag dul duit ó d'fhostóir, amhail riaráiste tuarastail nó pá saoire.
2. Íocfaidh an Stát, tríd an Scéim Íocaíochtaí Iomarcaíochta, iomarcaíocht reachtúil leat, má tá tú incháilithe.

3. Tá stádas mar chreidiúnaí tosaíochta agat i dtaca le hairgead áirithe atá dlite ag d'fhostóir.
4. Tá sé de cheart agat eolas áirithe a fháil le linn an leachtaithe.
5. Tá sé de cheart agat idirghabháil a dhéanamh sa phróiseas leachtaithe.

Má tá d'fhostóir dócmhainneach, cuirfidh an leachtaitheoir iarratas isteach le Scéim na nÍocaíochtaí Dócmhainneachta ar do shon. Le bheith incháilithe, ní mór go mbeidh d'fhostaíocht go hiomlán inárachaithe faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh. Go ginearálta, ciallaíonn sé seo go mbíonn ÁPSC Aicme A á íoc.

Má ghlactar le d'éileamh, clúdófar le Scéim na nÍocaíochtaí Dócmhainneachta riaráiste tuarastail, pá breoiteachta nó pá saoire (uasteorainn de 8 seachtaine faoi seach), fógra íosta agus aon dámhachtainí déanta ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre nó ag an gCúirt Oibreachais. Cuirtear uasteorainn de €600 in aghaidh na seachtaine ar do thuarastal agus an méid atá ag dul duit á ríomh.

Íoctar d'éileamh don leachtaitheoir. Bainfidh an leachtaitheoir aon cháin atá dlite agus íocfaidh sé/sí do theidlíochtaí leat.

[Foghlaim tuilleadh faoi Scéim na nÍocaíochtaí Dócmhainneachta.](#)

1 Réamhrá

1.1 Cé ar a bhfuil an Lámhleabhar Eolais seo dírithe?

Scríobhadh an Lámhleabhar Eolais seo go háirithe le haghaidh fostaithe, a bhfuil eolas faoina gcearta agus a leigheasanna, á lorg acu, agus iomarcaíocht, comhiomarcaíochtaí nó dócmhainneacht a bhfostóra rompu. D'fhéadfadh sé a bheith ábhartha chomh maith d'fhostóirí atá ag iarraidh a n-oibleagáidí a thuiscint. [\[Téigh siar go clár na n-ábhar\]](#)

1.2 Cad atá i gceist leis an Lámhleabhar Eolais seo?

Tugtar achoimre sa lámhleabhar seo ar na cearta agus na leigheasanna atá ar fáil d'fhostaithe agus iomarcaíocht, comhiomarcaíochtaí nó dócmhainneacht a bhfostóra rompu.

Leagtar amach ann cad is féidir le fostaí a dhéanamh má chreideann siad gur sáraíodh a c(h)earta, agus an cúiteamh a d'fhéadfaí go mbeadh teidlíocht aige/aici ina leith má chaileann sé/sí a p(h)ost nó má sáraíodh a c(h)earta fostaíochta. Tugtar achoimre ann freisin ar chearta na mball foirne mar chreidiúnaithe faoi dhlí na gcuideachtaí má éiríonn a gcuideachta dócmhainneach. [\[Téigh siar go clár na n-ábhar\]](#)

1.3 Teangacha eile

[Faigh rochtain ar an Lámhleabhar Eolais trí mheán na Gaeilge.](#)

Tá fáil ar achoimre ar an lámhleabhar eolais i mBéarla Soiléir ag tús an doiciméid seo. [Faigh rochtain ar an achoimre seo i roinnt teangacha.](#) [\[Téigh siar go clár na n-ábhar\]](#)

1.4 Séanadh

Tabhair faoi deara le do thoil, cé gurb é an sprioc atá ag an lámhleabhar seo treoir ghinearálta a thabhairt d'fhostaithe i gcás chomhiomarcaíochta bunaithe ar dhlí na hÉireann, ní chuimsítear aon treoir dlí leis agus níor cheart brath air in ionad comhairle dlí sonrach a bheadh ábhartha do chúinsí áirithe. Léirítear leis an lámhleabhar seo reachtaíocht na hÉireann ag an dáta foilsithe. [\[Téigh siar go clár na n-ábhar\]](#)

2 Iomarcaíochtaí agus Comhiomarcaíochtaí

Eascaítear iomarcaíochtaí agus comhiomarcaíochtaí as an ngnáthchúrsa oibre agus gnó. Cé gur féidir leo a bheith ina n-eispéireas deacair d'fhostaithe a d'fhéadfaí go mbeadh a bpost á gcailleadh acu, déanann an Stát cinnte go bhfaigheann fostaithe cosaintí áirithe le linn an phróisis.

2.1 Cad is iomarcaíocht ann?

Is é atá i gceist le hiomarcaíocht ná nuair a chaileann tú do phost mar gheall ar chúinsí amhail dúnadh an ghnó nó laghdú ar líon na mball foirne. Tarlaíonn iomarcaíocht nuair nach bhfuil aon ghá a thuilleadh le post an fhostaí agus ní chuirfear aon fhostaí eile in ionad an fhostaí sin. [\[Téigh siar go clár na n-ábhar\]](#)

2.2 Cad is comhiomarcaíocht ann?

Is é atá i gceist le comhiomarcaíocht ná nuair, le linn aon tréimhse 30 lá as a chéile, is ionann líon na n-iomarcaíochtaí agus:

- 5 fhostaithe nó níos mó, áit a bhfuil 21-49 duine fostaithe de ghnáth i ngnólacht éigin,
- 10 bhfostaithe nó níos mó áit a bhfuil 50-99 duine fostaithe de ghnáth i ngnólacht éigin,
- 10% nó níos mó de na fostaithe áit a bhfuil 100-299 duine fostaithe i ngnólacht éigin, nó
- 30 fostaithe nó níos mó áit a bhfuil 300 duine nó níos mó fostaithe i ngnólacht éigin.

[\[Téigh siar go clár na n-ábhar\]](#)

2.3 An bhfuil cosaint agam i gcás chomhiomarcaíochta?

Tugtar cosaint d'fhostaithe le linn chomharcaíochtaí leis an Acht um Chaomhnú Fostaíochta 1977, arna leasú. Baineann an tAcht le fostaithe, áit a bhfuil níos mó ná 20 fostaí i ngnólacht éigin, beag beann ar fhad a seirbhíse leis an bhfostóir.

Ní cheadaítear ach na heisceachtaí seo a leanas:

- Fostaithe Stáit, lena n-áirítear údaráis áitiúla,
- Fostaithe a bhfuil conradh ar théarma seasta acu a ndífhostaítear toisc go mbaintear amach an dáta éaga sa chonradh nó go dtagann deireadh leis an gcuspóir a sonraíodh sa chonradh chuspóir sonraithe. [\[Téigh siar go clár na n-ábhar\]](#)

2.4 Cad iad na cearta atá agam i gcás chomhiomarcaíochta?

Ní mór d'fhostóir a bhfuil sé beartaithe aige/aici comhiomarcaíochtaí a chruthú roinnt nithe a chur i gcrích leis an Acht um Chaomhnú Fostaíochta 1977 a chomhlíonadh:

1. Dul i gcomhairle le hionadaithe na bhfostaithe ar feadh 30 lá ar a laghad sula dtugtar aon fhógra iomarcaíochta,
2. Cuir eolas ar fáil d'ionadaithe na bhfostaithe faoi na comhiomarcaíochtaí atá beartaithe, agus
3. Cuir an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar an eolas 30 lá ar a laghad sula dtarlaíonn an chéad iomarcaíocht. [\[Téigh siar go clár na n-ábhar\]](#)

2.5 Cad atá i gceist le comhairliúchán na bhfostaithe?

Ní mór d'fhostóirí tús a chur le comhairliúcháin le hionadaithe na bhfostaithe chomh luath agus is féidir agus 30 lá sula dtugtar an chéad fhógra dífhostaithe ar a laghad. Ní mór d'fhostóirí páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán “d’fhonn teacht ar chomhaontú”.

Ní mór don fhostóir an t-eolas ábhartha uile a chur ar fáil d'ionadaithe na bhfostaithe maidir leis na comhiomarcaíochtaí atá beartaithe. Cuimsítear an t-eolas seo a leanas leis an eolas ábhartha a cheanglaítear le dlí:

- Na cúiseanna a bhaineann leis na hiomarcaíochtaí atá beartaithe,
- Líon na bhfostaithe a bhfuil sé beartaithe iad a chur ar iomarcaíocht, chomh maith le cur síos nó catagóirí,
- Líon na bhfostaithe a bhíonn fostaithe de ghnáth, chomh maith le cur síos nó catagóirí,
- Líon na n-oibrithe gníomhaireachta ar fostú leis an bhfostóir, lena n-áirítear cén chuid den ghnó ina mbíonn siad ag obair agus an cineál oibre a bhíonn ar bun acu,
- An tréimhse ina bhfuil sé beartaithe go dtarlóidh na hiomarcaíochtaí atá beartaithe,
- Na critéir atá beartaithe ar mhaithe leis na fostaithe a chuirfear ar iomarcaíocht a roghnú, agus
- An modh chun aon íocaíochtaí iomarcaíochta a ríomh de bhreis agus de bharr ar na modhanna siúd a leagtar amach sna hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta.

[\[Téigh siar go clár na n-ábhar\]](#)

2.6 Cé hiad ionadaithe na bhfostaithe?

Is féidir le ceardchumann, comhlachas foirne nó aon chomhlacht eile a dtéann an fostóir i gcomhairle leis de ghnáth a bheith mar ionadaí na bhfostaithe. Seachas sin, is féidir le fostaí/fostaithe ar thogh grúpa na bhfostaithe iad chun gníomhú mar ionadaí a bheith mar ionadaí na bhfostaithe. Ní mór don fhostóir socrú a chur in áit ar mhaithe leis an toghchán seo a éascú. [\[Téigh siar go clár na n-ábhar\]](#)

2.7 Cad atá i gceist leis an Aire a chur ar an eolas?

Ní mó don fhostóir an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a chur ar an eolas maidir leis an gcomhiomarcaíocht atá beartaithe chomh luath agus is féidir agus 30 lá ar a laghad, sula gcuirtear an chéad dífhostú i gcrích.

Ní mór go gcuimsítear sonraí áirithe mar a leagtar amach in I.R. 324 de 2024 san fhógra.

[Faigh rochtain ar I.R. 324 de 2024](#). D'fhoilsigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta foirm teimpléid ar féidir leat úsáid a bhaint aisti le cinntiú go gcuireann tú ar fáil an t-eolas uile a cheanglaítear le dlí san fhógra don aire. [Faigh rochtain ar an bhfoirm teimpléid i dtaca le Fógra Comhiomarcaíochta \(Foirm CRN1\)](#).

Is féidir an fógra seo a sheoladh chuig an Aire trí mheán leictreonach, trí phost cláraithe nó trí sheachadadh láimhe chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Ní mór don fhostóir cóip den fhógra seo a thabhairt d'ionadaithe na bhfostaithe. [\[Téigh siar go clár na n-ábhar\]](#)

2.8 Cad iad na cearta atá agam má theipeann ar m'fhostóir an tAcht a chomhlíonadh?

Is féidir leat gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) má chreideann tú gur fíor d'aon cheann de na ráitis seo a leanas i gcás d'fhostóra:

1. Theip air/uirthi comhairliúcháin a reáchtáil le d'ionadaí fostaithe,
2. Theip air/uirthi an t-eolas a éilítear a chur ar fáil do d'ionadaithe fostaithe le linn an chomhairliúcháin, nó
3. Dhífhostaigh sé/sí thú sula ndeachaigh an tréimhse 30 lá in éag tar éis an Aire a chur ar an eolas.

Ní mór go ndéantar gearáin faoi cheann 6 mhí ó dháta an tsáraithe líomhnaithe. Is féidir leis an WRC síneadh a chur leis an tréimhse ama seo go 12 mí más féidir leat cúis réasúnta a léiriú.

Má chinneann an WRC i d'fhabhar, is féidir leo luach saothair suas le 4 seachtaine a bhronnadh ort i dtaca le gach sárú ar an Acht.

[An chaoi le gearán a dhéanamh leis an WRC](#). Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an WRC trí ghuthán freisin ag (059) 9178990 nó ag Glao Áitiúil 0818 808090.

D'fhéadfaí go gcúiseofaí fostóirí freisin agus go ngearrfaí fineáil orthu, má chiontaítear iad, má theipeann orthu a n-oibleagáidí faoin Acht a chomhlíonadh. [\[Téigh siar go clár na n-ábhar\]](#)

2.9 An bhfuil mé incháilithe le haghaidh íocaíochta má chuirtear ar iomarcaíocht mé?

Tugtar le fios san Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967, arna leasú, go bhfuil gach fostaí incháilithe atá á gcur ar iomarcaíocht i dteideal íocaíocht chnapshuime. Le bheith i d'fhostaí incháilithe, ní mór duit na coinníollacha seo a leanas uile a chomhlíonadh:

- Ní mór go raibh tú ag obair le d'fhostóir ar feadh 104 seachtaine (2 bhliain) ar a laghad, seachas aon tréimhse fostaíochta leis an bhfostóir sin sula raibh 16 bliana d'aois slánaithe agat;
- Ní mór do d'fhostaíocht a bheith go hiomlán inárachaithe faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh. Go ginearálta, ciallaíonn sé seo go mbíonn ÁSPC Aicme á íoc; agus
- Ní mór nach bhfuil ann do do phost a thuilleadh. [\[Téigh siar go clár na n-ábhar\]](#)

2.10 Conas a ríomhtar m'íocaíocht iomarcaíochta reachtúil?

Más fostaí incháilithe thú, tá tú i dteideal íocaíocht iomarcaíochta reachtúil arb ionann í agus pá coicíse le haghaidh gach bliain seirbhíse chomh maith le 1 seachtain bhónas.

Baintear úsáid as do ghnáth-thuarastal seachtainiúil agus an íocaíocht á ríomh. Mura bhfuil gnáth-thuarastal seachtainiúil agat, baintear úsáid as meánfhigiúr ar mhaithe leis an íocaíocht a ríomh. Bíonn an íocaíocht de réir uasteorainn de €600 in aghaidh na seachtaine.

[Déan d'iomarcaíocht reachtúil a mheas ar MyWelfare.ie.](#) [\[Téigh siar go clár na n-ábhar\]](#)

2.11 Cé a íocann m'íocaíocht iomarcaíochta reachtúil liom?

Ní mór do d'fhostóir iomarcaíocht reachtúil a íoc leat má tá tú incháilithe.

Mura bhfuil d'fhostóir in ann an íocaíocht a íoc, is féidir leis an Roinn Coimirce Sóisialaí d'iomarcaíocht reachtúil a íoc ón Scéim Íocaíochtaí Iomarcaíochta. Déanfaidh d'fhostóir iarratas ar do shon agus, má éiríonn leis, íocfaidh an Roinn Coimirce Sóisialaí an íocaíocht iomarcaíochta reachtúil.

Má easaontaíonn d'fhostóir go bhfuil ann do chás iomarcaíochta nó má dhiúltaíonn sé/sí iomarcaíocht reachtúil a íoc, is féidir leat gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC).

Ní mór do ghearáin a chur isteach faoi cheann 1 bhliain ón dáta dífhostaithe. Is féidir leis an WRC síneadh a chur leis an tréimhse ama seo go 2 bhliain más féidir leat cúis réasúnta a léiriú.

Má chinneann an WRC i d'fhabhar, is féidir leo cinneadh a dhéanamh lena gceanglaítear ar d'fhostóir iomarcaíocht reachtúil a íoc leat. Má dhiúltaíonn d'fhostóir do d'íoc tar éis don WRC dámhachtain a dhéanamh, is féidir leat iarratas a dhéanamh go díreach leis an Scéim Íocaíochtaí Iomarcaíochta le haghaidh íocaíochta.

[An chaoi le gearán a dhéanamh leis an WRC.](#) Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an WRC freisin trí ghuthán ag 059 9178990 nó Glao Áitiúil 0818 808090.

Tá tuilleadh eolais faoin Scéim Íocaíochtaí Iomarcaíochta ar fáil ar an suíomh gréasáin [Gov.ie](#). Riarann an Roinn Coimirce Sóisialaí an Scéim Íocaíochtaí Iomarcaíochta thar ceann an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. [\[Téigh siar go clár na n-ábhar\]](#)

2.12 An bhfuil mé i dteideal íocaíocht iomarcaíochta feabhsaithe??

Tugtar le fios san Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967, arna leasú, go bhfuil gach fostaí incháilithe atá á gcur ar iomarcaíocht i dteideal íocaíocht chnapshuime. Is ionann an íocaíocht iomarcaíochta reachtúil seo agus pá coicíse le haghaidh gach bliain seirbhíse chomh maith le 1 seachtain bhónas. Bíonn pá seachtainiúil de réir uasteorainn de €600 in aghaidh na seachtaine.

Is é an fostóir a cheanglaítear le dlí an íocaíocht iomarcaíochta reachtúil seo a íoc le fostaíthe incháilithe. I gcúinsí áirithe is féidir le fostóir íocaíocht iomarcaíochta a thairiscint atá de bhreis agus de bharr ar an méid reachtúil. Tugtar iomarcaíocht fheabhsaithe air seo ó am go chéile.

Is ábhar conarthach idir tusa agus d'fhostóir é do theidlíocht i dtaca le híocaíocht iomarcaíochta feabhsaithe ó d'fhostóir agus d'fhéadfaí go mbeifeá ag iarraidh comhairle dlí proifisiúnta a fháil ag brath ar do chúinsí.

Ní dhearbhaíonn an Stát, tríd an Scéim Íocaíochtaí Iomarcaíochta, do theidlíocht i dtaca leis an íocaíocht iomarcaíochta reachtúil ach i gcúinsí nach féidir leis an bhfostóir an íocaíocht a íoc mar gheall ar dheacrachtaí airgeadais, dócmhainneacht nó má dhiúltaíonn sé/sí an íocaíocht a íoc.

Ní féidir úsáid a bhaint as an Scéim Íocaíochtaí Iomarcaíochta chun íocaíochtaí iomarcaíochta feabhsaithe a íoc nó chun cur le híocaíochtaí iomarcaíochta nó chun iad a "barrlíonadh" ar mhaithe le haon chomhaontú idir an fostóir agus a f(h)ostaithe. [\[Téigh siar go clár na n-ábhar\]](#)

2.13 Cad a tharlaíonn má chuirtear ar iomarcaíocht mé agus tá cead fostaíochta agam?

Tá rialacha sonracha i bhfeidhm le haghaidh daoine a bhfuil ceadanna fostaíochta acu agus a chuirtear ar iomarcaíocht iad. [Faigh rochtain ar na rialacha lena rialaítear iomarcaíocht agus ceadanna fostaíochta.](#) [\[Téigh siar go clár na n-ábhar\]](#)

3 Dócmhainneacht Fostóra

3.1 Cad atá i gceist le dócmhainneacht?

Tarlaíonn dócmhainneacht nuair nach féidir le cuideachta a fiacha a íoc a thuilleadh mar a bheidh siad dlite nó nuair atá níos mó dliteanas ná sócmhainní ar a clár comhardaithe aici. Nuair atá gnólacht dócmhainneach, is iondúil go gceaptar duine ar a dtugtar leachtaitheoir chun an chuideachta a fhoirceannadh. [\[Téigh siar go clár na n-ábhar\]](#)

3.2 Cad atá i gceist le leachtú?

Is é atá i gceist le leachtú, ar a dtugtar foirceannadh freisin, ná an próiseas nuair nach mbíonn ann don chuideachta a thuilleadh ag an deireadh. Is ionann leachtú agus deireadh dlíthiúil maidir le cuideachta theoranta. Sna cásanna seo, is iondúil go gcuireann an chuideachta deireadh leis na gníomhaíochtaí uile, go n-íocann sí a fiacha uile ó aon sócmhainní a bhfuil fáil orthu agus go foirceanntar í i mbealach a bhfuil ord agus eagar ag baint leis. Ceaptar leachtaitheoir ar mhaithe le faireachán a dhéanamh ar an bpróiseas seo.

Is féidir leis na páirtithe seo a leanas leachtaitheoir a cheapadh:

- na comhaltaí (úinéirí);
- creidiúnaithe; nó
- an chúirt.

Má cheapann na comhaltaí leachtaitheoir, tugtar foirceannadh toilteanach na gcomhaltaí air. Is iondúil go mbaineann an cineál leachtaithe seo le cuideachta **shócmhainneach**, sin le rá, cuideachta atá in ann a fiacha a íoc mar a bheidh siad dlite.

Má cheapann na creidiúnaithe leachtaitheoir, tugtar foirceannadh toilteanach na gcreidiúnaithe air agus déanann na creidiúnaithe mar ghrúpa maoirseacht ar an leachtú. Baineann an cineál leachtaithe seo le **cuideachta dhócmhainneach**, sin le rá, cuideachta nach féidir léi a fiacha a íoc mar a bheidh siad dlite nó a bhfuil níos mó dliteanas ná sócmhainní ar a clár comhardaithe aici. Tá sé d'oibleagáid ar an gcuideachta a chinntiú go gcuirtear na creidiúnaithe ar an eolas maidir lena gceart coiste a chur le chéile agus páirt a

ghlacadh ann lena ndéantar ionadaíocht ar leasa na gcreidiúnaithe uile de chuid chuideachta atá ag dul faoi leachtú. Tá post ar leith ar an gcoiste iniúchta le haghaidh ionadaí na bhfostaithe.

Má cheapann cúirt éigin leachtaitheoir, tugtar leachtú oifigiúil (nó éigeantach) air. I gcás leachtaithe den chineál seo, déanann an chúirt maoirseacht ar an leachtú le cabhair ó oifigeach cúirte a cheaptar go speisialta. Is féidir le creidiúnaí iarraidh ar an gcúirt leachtaitheoir a cheapadh. Tá sé d'oibleagáid ar an leachtaitheoir freisin a chinntiú go gcuirtear creidiúnaithe ar an eolas maidir lena gceart coiste iniúchta a chur le chéile agus páirt a ghlacadh ann, a bunaíodh chun faireachán a dhéanamh ar leachtú; tá post ar leith ar an gcoiste iniúchta le haghaidh ionadaí na bhfostaithe.

Ní féidir leis an Rialtas a ladar a chur isteach in aon phróiseas leachtaithe. Tá freagracht reachtúil ar an leachtaitheoir sócmhainní na cuideachta a réadú agus a dháileadh do chreidiúnaithe i gcomhréir leis an dlí. [\[Téigh siar go clár na n-ábhar\]](#)

3.3 Cad iad na cearta atá agam mar fhostaí i gcás iomarcaíochta?

Tá roinnt cearta agus cosaintí agat má tá d'fhostóir dócmhainneach. Áirítear leis seo:

1. Tá stádas mar chreidiúnaí tosaíochta agat i dtaca le hairgead áirithe atá dlite ag d'fhostóir.
2. Íocfaidh an Stát leat, trí Scéim na nÍocaíochtaí dócmhainneachta, cuid den airgead atá dlite ag d'fhostóir, amhail riaráiste tuarastail nó pá saoire.
3. Íocfaidh an Stát, tríd an Scéim Íocaíochtaí Iomarcaíochta, iomarcaíocht reachtúil leat, má tá tú incháilithe.
4. Tá sé de cheart agat eolas áirithe a fháil le linn an leachtaithe.
5. Tá sé de cheart agat idirghabháil a dhéanamh sa phróiseas leachtaithe. [\[Téigh siar go clár na n-ábhar\]](#)

3.4 Cad is brí le Stádas mar Chreidiúnaí Tosaíochta?

Is é is creidiúnaí ann ná duine éigin (amhail fostaí) nó eintiteas (amhail cuideachta) a bhfuil fiach ag dul dó/di/dóibh. I gcás leachtaithe, d'fhéadfaí go gcuimseofaí fostaithe na cuideachta (a d'fhéadfaí go mbeadh tuarastail nó ranníocaíochtaí eile ag dul dóibh), an Stát (a d'fhéadfaí go mbeadh cáin agus ranníocaíochtaí reachtúla eile ag dul dó), soláthróirí, agus custaiméirí (sa chás ina bhfuil éarlaisí nó réamhíocaíochtaí eile íoctha acu) i measc na gcreidiúnaithe.

Leagtar amach in Acht na gCuideachtaí 2014 an t-ord ina bhfuil na creidiúnaithe seo uile le hóc i gcás leachtaithe dócmhainneach. Tugtar cosaint d'fhostaithe a n-éiríonn a bhfostóir dócmhainneach trí stádas creidiúnaithe tosaíochta a thabhairt dóibh san ord seo. Ciallaíonn sé seo go gcaitear leis an airgead atá ag dul dóibh sa chaoi is go raibh sé níos tábhachtaí ná na fiacha de chuid chreidiúnaithe áirithe eile.

Bíonn stádas tosaíochta ag na híocaíochtaí le fostaithe seo a leanas:

- Pánna agus tuarastail suas le huasmhéid de €10,000 in aghaidh an fhostaí,
- Íocaíocht saoire,
- Cúiteamh agus damáistí le haghaidh timpistí gan árachas,
- Íocaíochtaí breoiteachta agus aoisliúntais,
- Éilimh le haghaidh dífhostú éagórach,
- Éilimh le haghaidh íocaíochtaí fhógra íosta,
- Íocaíochtaí iomarcaíochta reachtúil, agus
- Íocaíochtaí leasa shóisialaigh.

Tá na híocaíochtaí seo le hóc roimh ghnáthchreidiúnaithe agus chreidiúnaithe gan urrús.

Is ábhar príobháideach idir na fostaithe agus an fostóir í aon íocaíocht *ex-gratia* nó íocaíochtaí feabhsaithe ar gheall fostóir éigin dá f(h)ostaithe sa bhreis ar a (h)oibleagáidí dlíthiúil, amhail faoi chomhaontú comhchoiteann. Ní dhearbhaítear le stádas mar

chreidiúnaí tosaíochta ach go n-íoctar a bhfuil sé d'oibleagáid dlíthiúil ar an bhfostóir a íoc. Tá sé tábhachtach go dtuigtear go bhfuil an leachtaitheoir faoi oibleagáid dlíthiúil aon airgead a dháileadh de réir mar a fhorordaítear i ndlí na gcuideachtaí. [\[Téigh siar go clár na n-ábhar\]](#)

3.5 Cé a íocann m'íocaíocht iomarcaíochta reachtúil má tá m'fhostóir dócmhainneach?

Sa chás ina bhfuil a bhfostóir dócmhainneach, tugtar cosaint d'íocaíochtaí iomarcaíochta reachtúil na bhfostaithe incháilithe le stádas chreidiúnaí tosaíochta. Ní mór don leachtaitheoir iad seo a íoc roimh fhiacha eile.

Sa chás ina bhfuil an fostóir dócmhainneach, ní féidir leis an leachtaitheoir íocaíochtaí iomarcaíochta a aontú nó a íoc. Ní féidir leo ach íocaíochtaí a íoc le creidiúnaithe san ord agus sa nós imeachta a leagtar amach sa dlí.

I gcás nach ngintear go leor airgid leis an leachtú chun na teidlíochtaí iomarcaíochtaí uile a íoc, déanfaidh an leachtaitheoir iarratas chuig an Scéim Íocaíochtaí Iomarcaíochta thar ceann na bhfostaithe. Íocfaidh an Roinn Coimirce Sóisialaí íocaíocht iomarcaíochta reachtúil go díreach chuig na fostaithe.

Ní féidir leis an Scéim Íocaíochtaí Iomarcaíochta ach íocaíochtaí a íoc le fostaithe. Ní féidir úsáid a bhaint as chun íocaíochtaí iomarcaíochtaí feabhsaithe a íoc nó chun cur le híocaíochtaí nó chun iad a "barrlíonadh" ar mhaithe le comhaontú comhchoiteann idir fostóir éigin agus a f(h)ostaithe a chomhlíonadh. [\[Téigh siar go clár na n-ábhar\]](#)

3.6 Cad atá i gceist le Scéim na nÍocaíochtaí Dócmhainneachta?

Dearbhaítear le Scéim na nÍocaíochtaí Dócmhainneachta sa Roinn Coimirce Sóisialaí go gcosnaítear teidlíochtaí pá-choibhneasa na bhfostaithe sa chás nach féidir lena bhfostóir iad

a íoc. Leagtar é seo amach san Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) 1984, arna leasú. [Foghlaim cad is brí le dócmhainneach ó thaobh an dlí chun críocha na Scéime.](#)

Cé go gciallaíonn stádas chreidiúnaí tosaíochta go gcaithfidh teidlíochtaí an fhostaí a íoc roimh ghnáthchreidiúnaithe agus chreidiúnaithe gan urrús, ó am go chéile ní ghintear go leor airgid le linn leachtaithe dócmhainneachta chun na teidlíochtaí seo a chlúdach, nó bíonn an próiseas leachtaithe fada, rud a chuireann moill ar na híocaíochtaí leis na creidiúnaithe.

Le cinntiú go n-íoctar a dteidlíochtaí pá-choibhneasa le fostaithe go pras, is iondúil go gcuireann leachtaitheoir iarratas isteach le Scéim na nÍocaíochtaí Dócmhainneachta. Nuair a cheaptar leachtaitheoir, bíonn siad freagrach as iarratas a dhéanamh le Scéim na nÍocaíochtaí Dócmhainneachta thar ceann na bhfostaithe. Rachaidh an leachtaitheoir i gcomhairle leis na fostaithe le linn an phróisis seo, agus ba cheart go ndéanfadh fostaithe teagmháil leis an leachtaitheoir má tá aon cheisteanna acu.

Nuair a fhaigheann fostaithe íocaíocht ón scéim, aistríonn a gcearta mar chreidiúnaí tosaíochta sa leachtú le haghaidh méid na híocaíochta sin chuig an Aire. Déantar seo le cinntiú nach bhfaigheann creidiúnaithe ar fhostaithe iad leas dúbailte trí íocaíocht Stáit agus íocaíocht ón leachtú a fháil. Fanann siad mar chreidiúnaí tosaíochta maidir leis an méid atá dlite nach gclúdaítear faoin Scéim.

Riarann an Roinn Coimirce Sóisialaí Scéim na nÍocaíochtaí Dócmhainneachta thar ceann an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. [\[Téigh siar go clár na n-ábhar\]](#)

3.7 An gcosnaítear mé faoi Scéim na nÍocaíochtaí Dócmhainneachta?

Leis an scéim, clúdaítear fostaithe atá faoi árachas le haghaidh na sochair uile faoi reachtaíocht leasa shóisialaigh. I dtéarmaí ginearálta, ciallaíonn sé seo, fostaí a íocann ÁSPC aicme “A”. Ní gá duit aon íosmhéid tréimhse seirbhíse a bheith agat ag obair le d’fhostóir le bheith clúdaithe. [\[Téigh siar go clár na n-ábhar\]](#)

3.8 Cén saghas fiach a chlúdaítear faoi Scéim na nÍocaíochtaí Dócmhainneachta?

Áirítear leis na fiacha gan íoc a chlúdaítear faoi Scéim na nÍocaíochtaí Dócmhainneachta:

- Riaráiste tuarastal agus pá breoiteachta (uasteorainn de 8 seachtaine)
- Pá saoire atá dlite (uasteorainn de 8 seachtaine)
- Fógra íosta reachtúil nár íocadh
- Riaráiste áirithe i dtaca le ranníocaíochtaí pinsin
- Roinnt dámhachtain a ndearna an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) agus an Chúirt Oibreachais.

Is iondúil go ndéanann an leachtaitheoir nó ceapaí comhchosúil iarratas ar do shon. Faoin scéim seo, íoctar an íocaíocht leis an leachtaitheoir le gur féidir na hasbhaintí cánach iomchuí (más infheidhme) a dhéanamh sula n-íoctar na hÍocaíochtaí cearta leis an iar-fhostaí.

I dromlach na gcásanna, baintear úsáid as pá seachtainiúil an fhostaí, de réir uasteorainn de €600, leis an méid ar féidir a íoc faoin scéim a ríomh. Is é uasmhéid na hÍocaíochta le haghaidh riaráiste tuarastal, pá saoire nó fógra íosta €4,800 an ceann.

[Foghlaim tuilleadh faoi Scéim na nÍocaíochtaí Dócmhainneachta.](#) [\[Téigh siar go clár na n-ábhar\]](#)

3.9 Cad a tharlaíonn más ann don chomhiomarcaíocht toisc go bhfuil m'fhostóir dócmhainneach?

Má tá d'fhostóir dócmhainneach, is dócha go ndífhostaítear thú.

Gheobhaidh tú na cosaintí reachtúla céanna, áfach, mar a gheofá in aon chomhiomarcaíocht eile.

Is é an t-aon difear ná go dtabharfaidh an leachtaitheoir nó ceapaí comhchosúil eile a bhfuil leachtú d'fhostóra á bhainistiú aige/aici faoin chomhairliúchán reachtúil agus go gcuirfidh siad an tAire ar an eolas, in ionad d'fhostóir. [\[Téigh siar go clár na n-ábhar\]](#)

3.10 Cad é go díreach is é ról an Leachtaitheora?

Is é ról an leachtaitheora ná an cuideachta a fhoirceannadh. Is iad seo a leanas a p(h)ríomhdhualgaís:

- seilbh a ghlacadh ar mhaoín na cuideachta lena n-áirítear a taifid airgeadais;
- na daoine a bhfuil airgead ag dul dóibh a liostú chomh maith leis an méid atá ag dul dóibh;
- na daoine ar gá dóibh ranníocaíocht a dhéanamh le sócmhainní na cuideachta tráth a foirceanta a liostú chomh maith leis an méid ar gá dóibh a íoc;
- imscrúdú a dhéanamh ar ghnóthaí na cuideachta;
- sócmhainní na cuideachta a dhíol;
- fiacha na cuideachta a íoc san ord a leagtar amach faoin dlí;
- aon airgead atá fágtha a thabhairt do na comhaltaí i gcomhréir lena dteidlíochtaí;
- aon chion coiriúil amhrasta de chuid na cuideachta, de chuid aon iar-stiúrthóir nó iar-rúnaí cuideachta nó de chuid aon cheann atá ann faoi láthair, nó de chuid aon chomhalta a thuairisciú chuig an Údarás Forfheidhmithe Corparáideach (CEA) agus chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

Sa chás go bhfuil cuideachta dócmhainneach, ní mór don leachtaitheoir na nithe seo a leanas a chur i gcrích:

- cuir tuarascáil faoi bhráid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach (CEA) – faoi cheann 6 mhí óna c(h)eachán – maidir le hiompar stiúrthóirí na cuideachta sa tréimhse roimh an leachtú, agus

- iarr ar an gcúirt srian a chur ar na stiúrthóirí ar feadh tréimhse ama áirithe óna bheith bainteach le cuideachtaí eile.

Ní féidir duine éigin a cheapadh mar leachtaitheoir ach amháin má tá ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas comhlíonta acu:

- is ball iad de chomhlacht cuntasaíochta atá ceadaithe ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus tá deimhniú cleachta cothrom le dáta acu ón chomhlacht sin;
- is aturnae cleachtach iad agus tá deimhniú cleachta cothrom le dáta acu ó Dhlí-Chumann na hÉireann;
- is ball é/í de chomhlacht proifisiúnta atá aitheanta ag an IAASA agus tá sé/sí údaraithe chun gníomhú mar leachtaitheoir;
- tá sé/sí cáilithe faoi na dlíthe de chuid Stát éigin eile sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) chun gníomhú mar leachtaitheoir in imeachtaí leachtaithe in Éirinn; nó
- tá taithí phraiticiúil agus eolas ábhartha aige/aici maidir le foirceannadh cuideachta agus tá sé/sí údaraithe ag an IAASA chun gníomhú mar leachtaitheoir.

Is cion é faoi Acht na gCuideachtaí 2014 gníomhú mar leachtaitheoir gan an cháilíocht iomchuí. [[Téigh siar go clár na n-ábhar](#)]

3.11 Cad é an ceart atá agam maidir le heolas a fháil mar chreidiúnaí i gcás leachtaithe?

Tá cearta ag fostaí, mar chreidiúnaí, i dtaca le heolas áirithe a fháil le linn leachtaithe.

Nuair a chuirtear achainí chun cuideachta a fhoirceannadh faoi bhráid na hArd-Chúirte nó nuair a cheaptar leachtaitheoir sealadach, ní mór go gcuirtear fostaithe agus, más infheidhme, a n-ionadaithe ar an eolas.

Nuair atá ordú foirceanta déanta ag cúirt éigin nó nuair atá leachtaitheoir sealadach ceaptha aici, ní mór go gcuirtear ráiteas i dtaca le gnóthaí na cuideachta i gcrích agus go gcomhdaítear é leis an gcúirt faoi cheann 21 lá. Tugtar achoimre sa ráiteas seo ar staid airgeadais na cuideachta agus sonraítear sócmhainní, fiacha, agus dliteanais na cuideachta, i measc nithe eile. Tá creidiúnaithe na cuideachta i dteideal iniúchadh a dhéanamh ar an ráiteas seo agus cóip a fháil de. Cuireann an leachtaitheoir an ráiteas gnóthaí seo ar fáil saor in aisce d'fhostaithe agus, más infheidhme, dá n-ionadaithe.

Is féidir le fostaithe iarratas a dhéanamh leis an gcúirt freisin ar chinneadh maidir le haon cheist ag eascairt as dócmhainneacht agus foirceannadh na cuideachta. Is féidir leo iarratas a dhéanamh leis an gcúirt chun iniúchadh a iarraidh ar thaifid cuntasafóichta, cuntais agus cáipéisí na cuideachta.

Sa chás nach gcuirtear foirceannadh na cuideachta i gcrích faoi cheann 12 mí tar éis an dáta tosaithe, ní mór don leachtaitheoir tuarascáil idirlinne a chur i láthair agus nuashonruithe a chur ar fáil maidir le dul chun cinn an leachtaithe. Ní mór go gcomhdaítear na tuarascálacha seo (Foirm E4) leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO). [Faigh rochtain ar an bhfoirm ar shuíomh gréasáin an CRO](#). [\[Téigh siar go clár na n-ábhar\]](#)

3.12 Conas is féidir le creidiúnaí idirghabháil a dhéanamh i leachtú?

Cuimsítear forálacha in Acht na gCuideachtaí 2014 ar féidir le leachtaitheoir nó le creidiúnaí (lena n-áirítear fostaí) de chuid chuideachta dócmhainneach úsáid a bhaint astu i gcásanna iomchuí. Áirítear na roghanna seo sa bhreis ar chosaintí eile a bhfuil fáil orthu faoi reachtaíocht maidir le cearta fostaíochta.

TÁBHACHTACH! Áirítear leis na cosaintí seo caingean dlí a thionscnaimh (dlíthíocht). Ba cheart d'aon chreidiúnaí comhairle dlí a lorg sula gcinneadh sé/sí ar chaingean dlí a thionscnaimh.

- Ar iarratas an leachtaitheora nó aon chreidiúnaí nó ranníocóir, is féidir leis an gcúirt aon chuideachta ghaolmhar a chur faoi dhliteanas le haghaidh na bhfiach de chuid na cuideachta atá á foirceannadh i gcúinsí ina raibh an chuideachta ghaolmhar páirteach i mbainistiú na cuideachta dócmhainneach nó i míriar eile sa mhéid is atá na gníomhaíochtaí nó na heasnaimh de chuid na cuideachta ghaolmhar is cúis leis na cúinsí as a eascraíodh an foirceannadh. Ciallaíonn sé seo go bhféadfaí go gceanglófaí ar an gcuideachta ghaolmhar ranníocaíocht a dhéanamh i leith fhiacha na cuideachta dócmhainneach ar mhaithe le toradh níos cothroime a sholáthar do chreidiúnaithe.
- Cuirtear srian ar chumhachtaí rialtóirí na cuideachtaí maidir le sócmhainní a dhiúscairt sula bhfoirceannantar í. Beartaítear leis seo go dtéitear i ngleic le cásanna ina n-íocann cuideachta éigin creidiúnaí áirithe sa tréimhse sula bhfoirceannantar í le go gcaitear i mbealach níos fabhraí leis an gcreidiúnaí seo i gcomparáid le creidiúnaithe eile agus sa chaoi sin go dtugtar tosaíocht mhíchothrom dó/di.

Beidh idirbheart a chuirtear i gcrích laistigh de 6 mhí ó fhoirceannadh na cuideachta neamhbhailí. Anuas air sin, má chuirtear an t-idirbheart tosaíochta i gcrích ar mhaithe le duine bainteach, beidh sé neamhbhailí sa chás go gcuirtear i gcrích é laistigh de 2 bhliain ó thús an fhoirceanta. Faoin sainmhíniú a thugtar ar “dhuine bainteach” in Acht na gCuideachtaí, cuimsítear céile, páirtnéir sibhialta nó gaolta de chuid stiúrthóra amhail deartháireacha nó deirfiúracha nó leanbh. Tá sé de rogha ag an Ard-Chúirt neamhaird a dhéanamh ar na sprioc-amanna dochta seo nuair is féidir iarracht chun an dlí a sheachaint d’aon turas a léamh ó na gníomhaíochtaí.

- Nuair is féidir leis an leachtaitheoir a chruthú gurb é an toradh a bhí ar an aistriú sócmhainní ná calaois a dhéanamh ar na creidiúnaithe, ar an gcuideachta nó ar a comhaltaí is féidir leis an gcúirt a ordú go n-aischuirtear na sócmhainní siúd a aistríodh go míchuí. Is féidir leis an leachtaitheoir, le glacadóir mhaoin na cuideachta nó le haon chreidiúnaí nó ranníocóir iarratas a dhéanamh chuig an gcúirt má mheasann siad go raibh oifigeach de chuid na cuideachta nó duine éigin eile

páirteach i réachtáil na cuideachta ar mhodh meargánta. Tá sé de chumhacht ag an gcúirt a fhógairt ansin go mbeidh an duine sin faoi dhliteanas pearsanta maidir leis na fiacha seo a íoc. Is téarma teicniúil é “ranníocóir” a shainmhínítear in Acht na gCuideachtaí mar aon duine a bhfuil oibleagáid dlíthiúil orthu ranníocaíocht a dhéanamh le sócmhainní na cuideachta i gcás foirceanta.

- Is féidir leis an CEA, an leachtaitheoir nó aon chreidiúnaí (lena n-áirítear fostaí éigin) iarratas a dhéanamh chuig an gcúirt ag impí ar an gcúirt go ndéanfaidh siad iniúchadh ar iompar an tacadóra, an leachtaitheora, an scrúdaitheora, nó an ghlacadóra.

Sa chás ina raibh duine éigin ciontach as aon éagóir, is féidir leis an gcúirt ordú a eisiúint den chineál seo a leanas i leith an duine sin:

- a) an t-airgead nó an mhaoin nó aon chuid den airgead nó den mhaoin faoi seach a aisíoc nó a thabhairt ar ais le hús ar cibé ráta is cóir leis an gcúirt, nó
 - b) cibé suim is cóir leis an gcúirt a ranníoc le sócmhainní na cuideachta mar chúiteamh sa chur chun mífhaidhme, sa choinneáil, sa mhíghníomh nó sa sárú eile dualgais nó iontaoibhe.
- Tá sé de chumhacht ag an gcúirt freisin damáistí a mheas in éadan stiúrthóra de chuid chuideachta sealbhaíochta na cuideachta sa chás ina raibh siad ciontach as éagóir i dtaca leis na sócmhainní nó na gnóthaí de chuid aon fhochomhlacht. [\[Téigh siar go clár na n-ábhar\]](#)